An Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta Staitisticí 2012 - 2016

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís ar Thuairisceáin DFI agus shainscag Brainse Staitisticí agus Taighde Geilleagrach na gCoimisinéirí Ioncaim iad.
Ba cheart féachaint ar na staitisticí seo mar staitisticí sealadacha agus d'fhéadfaí iad a athbhreithniú.

Díríonn na staitisticí san eisiúint seo ar na figiúirí DFI is déanaí ag an 31 Nollaig 2016.

Ba cheart aon cheisteanna de chineál staitistiúil i ndáil le DFI a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Léargas Ginearálta ar an Dreasacht

Scéim dreasachta um fhaoiseamh cánach is ea an Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI) a chuireann faoiseamh cánach suas le 40% ar fáil i ndil le hinfheistíochtaí a rinneadh i dtrádálacha corparáideacha áirithe. Ceadaíonn an scéim DFI d'infheisteoir aonair faoiseamh cánach a fháil ar infheistíochtaí do scaireanna i gcuideachtaí áirithe suas le huasmhéid €150,000 sa bhliain i ngach bliain cánach. Tagann an DFI in ionad na Scéime Méadaithe Gnó (SMG) agus rithfidh an DFI go tí 2020.

I dtosach, ceadaítear faoiseamh ar thríocha daicheadú (30/40) den infheistíocht DFI sa bhliain ina ndearnadh an infheistíocht. Go teoiriciúil, d'fhéadfadh an t-infheisteoir coigilteas cánach suas le 30% den infheistíocht a dhéanamh.

Beidh faoiseamh i ndáil leis an deich daicheadú (10/40) eile den infheistíocht DFI ar fáil sa cheathrú bliain tar éis an infheistíocht faoin scéim DFI a dhéanamh chomh fada is go sásaítear roinnt coinníollacha. Go teoiriciúil, d'fhéadfadh an t-infheisteoir coigilteas cánach breise suas le 10% den infheistíocht a dhéanamh.

Tá an scéim DFI ar fáil do mhicreachuideachtaí, cuideachtaí beaga agus meánmhéide trádála neamhluaite. Tá gníomhaíochtaí áirithe eisiata. Féadfaidh cuideachta incháilithe uasmhéid €15,000,000 de riosca airgeadais a ardú i rith a saoil leis an dreasacht seo, nach bhféadfaí a ardú ar bhealach eile.

Cuirtear an faoiseamh cánach ar fáil le cuidiú le cuideachtaí airgeadas a ardú lena cheadú chun leathnú nó poist a chruthú nó a choinneáil. D'fhonn cáiliú don fhaoiseamh cánach ní mór go sásódh gach infheistíocht coinníollacha a bhaineann le comhpháirteanna.

Cuideachtaí Incháilithe

Ní mór do chuideachtaí a bhfuil faoiseamh DFI á lorg acu deimhniú a lorg go díreach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Áirítear le cuid de na critéir incháilithe:

- Ní mór gur micreaghnóthas, gnóthas beag nó meánmhéide atá i gcuideachta incháilithe;
- Go bhfuil sí ionchorpraithe gus cónaitheach sa Stát nó i Stát eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE);
- Nach mbreathnaítear ar an gcuideachta mar ghnólacht atá i dtrioblóid; agus
- Ní mór do chuideachta incháilithe riachtanais Airteagal 21 de Rialachán an Choimisiúin (SE) Uimh 651/2014 a shásamh.

Tá an DFI oscailte d'fhormhór gnólachtaí beaga agus meánmhéide ach ní bheidh gníomhaíochtaí trádála áirithe incháilithe don scéim.

Tá treoir chuimsitheach ar na critéir incháilithe do chuideachta le fáil – Anseo

Úsáid Cistí DFI

Ní mór don chuideachta an t-airgead a fuarthas ón eisiúint scaireanna a úsáid chun críche trádáil incháilithe a dhéanamh, nó murar thosaigh an chuideachta ag trádáil go fóill i dtabhú caiteachais, ar thaighde agus forbairt. Ina theannta sin, caithfidh úsáid na gcistí cur go díreach le cothabháil nó cruthú fostaíochta sa chuideachta (m.sh. féadfar an t-airgead a úsáid chun pá fostaithe incháilithe na cuideachta a íoc).

Tábla 1: Cistí DFI Iomlána Infheistithe, Cuideachtaí Incháilithe agus Meánmhéideanna

Bliain	Cuideachtaí Incháilithe	Méid Iomlán Infheistithe €M	Meánmhéid Infheistithe in aghaidh an Infheisteora	Meán-Infheistíocht in aghaidh na Cuideachta Incháilithe
2012	78	13.4	€35,700	€172,100
2013	190	42.4	€37,100	€222,800
2014	239	62.7	€37,900	€261,900
2015	279	74.1	€40,600	€265,500
2016	261	108.5	€49,700	€415,900

Cuirtear scagadh mionsonraithe ar fáil sa tábla seo den airgead infheistithe i scéimeanna DFI, an líon Cuideachtaí Incháilithe, an gnáthmhéid infheistithe in aghaidh an infheisteora agus an meán-infheistíocht in aghaidh na Cuideachtaí Incháilithe.

Tábla 2: Dáileachán na Méideanna Infheistíochta

	2012*	2013	2014	2015	2016
0-€10,000	122	320	464	432	475
€10,001-€20,000	57	216	353	345	384
€20,001-€30,000	77	236	248	378	487
€30,001-€40,000	16	72	108	102	100
€40,001-€50,000	41	128	203	229	289
€50,001-€60,000	18	32	46	47	52
€60,001-€80,000	12	55	66	86	110
€80,001-€100,000	10	30	73	92	115
€100,001-€125,000	23	11	15	25	26
€125,001-€150,000	-	15	44	61	85
€150,001-€250,000	-	12	22	17	23
>€250,000	-	15	12	13	40
Iomlán	**376**	**1,142**	**1,654**	**1,827**	**2,186**

**Cuireadh na raonta níos aire in 2012 le chéile chun rúndacht an cháiníocóra a chosaint mar gheall ar an líon beag cásanna lena mbaineann. Tá tuilleadh sonraí maidir le Rialú Nochtadh Staitistiúil na gCoimisinéirí Ioncaim le fáil ag íochtar na cáipéise.*

Leagtar amach sa tábla agus graf (thíos) seo raon na méideanna infheistíochta aonair i scéimeanna DFI lena n-áirítear infheistíochtaí ó chistí.

Graf 1: Dáileachán na Méideanna Infheistíochta



Costais Státchiste

Tábla 3: Costas Státchiste Measta agus an Líon Infheisteoirí

Bliain	Infheisteoirí	Costas Cánach Measta €M
2012	352	4
2013	1,028	12.7
2014	1,395	18.8
2015	1,530	22.2
2016	1,768	32.5

Cuirtear an líon soiléir infheisteoirí i ngach scéim DFI agus an costas measta don Státchiste ar fáil sa tábla seo.

Graf 2: Meánchostas don Státchiste in aghaidh an Infheisteora



Léirítear sa ghraf seo an meánchostas don Státchiste in aghaidh an infheisteora a infheistíonn i scéimeanna DFI.

Cuideachtaí Incháilithe

Tábla 4: Cuideachtaí Incháilithe DFI de réir Réigiúin

Réigiún na gCoimisinéirí Ioncaim	2012	2013	2014	2015	2016
Baile Átha Cliath	49%	46%	43%	43%	44%
Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair	17%	18%	20%	18%	16%
An tOirthear agus an tOirdheisceart	21%	16%	14%	18%	17%
An tIardheisceart	14%	19%	23%	21%	23%

Cuirtear scagadh tíreolaíoch seoltaí cláraithe na gCuideachtaí Incháilithe DFI de réir taifid na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil sa tábla seo. Léirítear iad ar bhonn Réigiúin oibríocht inmheánach na gCoimisinéirí Ioncaim. Anuas air sin, níl sé i gceist go mbeadh na sonraí seo mar thráscaire ar fheidhmíocht gheilleagrach i gceantar ar bith den tír.

Tábla 5: Cuideachtaí Incháilithe DFI de réir Gníomhaíochta Geilleagraí

Earnáil	2012	2013	2014	2015	2016
Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht	0	≤10	≤10	≤10	12
Déantúsaíocht, Mianadóireacht agus Cairéalú	15	40	41	46	46
Tógáil agus Fóntais	≤10	16	18	19	26
Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola	≤10	17	24	38	22
Iompar agus Stóras	≤10	≤10	≤10	16	14
Faisnéis agus Cumarsáid	26	45	61	71	75
Gníomhaíochtaí Airgeadais agus Árachais	≤10	11	14	12	17
Gníomhaíochtaí Eastát Réadach	15	33	36	35	30
Gníomhaíochtaí Seirbhíse Riaracháin agus Tacaíochta	≤10	≤10	11	14	≤10
Riarachán Poiblí agus Cosaint	≤10	≤10	16	14	14

Tá sonraí maidir le Cuideachtaí Incháilithe DFI grúpáilte de réir earnála sa tábla seo. Tá an earnáil seo bunaithe a an gcód 4 dhigit 'NACE Rev.2' arb é an córas cóid gníomhaíochta geilleagraí a aithnítear go hidirnáisiúnta é.

Le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2015, tá tithe altranais incháilithe don scéim DFI. Ar bhunús na n-aitheantóirí earnála (cóid NACE) níl aon chuideachtaí den chineál sin a fhaigheann infheistíocht DFI do na blianta 2015 nó 2016.

Nótaí maidir leis na táblaí thuas

Ba cheart féachaint ar na staitisticí seo mar staitisticí sealadacha agus d'fhéadfaí iad a athbhreithniú.

D'fhéadfaí figiúirí a shlánú i gcásanna áirithe.

Cé gur leor beachtas na gcód NACE ar thaifid chánacha chun bonn agus taca a chur le anailís leathan earnáil bhunaithe, d'fhéadfadh roinnt míchruinnis bheith ag leibhéal aonair. Ba cheart cuimhneamh air seo agus an fhaisnéis a chuirtear ar fáil á meas.
Tá tuilleadh faisnéise maidir le cóid NACE le fáil ag
http://www.cso.ie/px/u/NACECoder/NACEItems/searchnace.asp.

I gcás nach bhfuil ach líon beag cásanna i gcatagóir, ní thugtar figiúirí beachta chun faisnéis rúnda faoin gcáiníocóir a chosaint. Tá rúndacht lárnach i gcaidreamh na gCoimisinéirí Ioncaim lena gcustaiméirí. Treisítear dualgais na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le sonraí a chosaint le raon forálacha reachtúla agus riaracháin a dearadh chun cearta agus leas saoránach agus gnólachtaí a chosaint. Tá tuilleadh faisnéise maidir lenár Rialú Nochtadh Staitistiúil le fáil ag –
http://www.revenue.ie/ga/about/statistics/index.html#section4